# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2005

## STAIR - GNÁTHLEIBHÉAL

(NÁ cuir na leathanaigh seo isteach le do fhreagarleabhar.)

## FOINSÍ

**1. PICTIÚIR**

**PICTIÚR A.**




Foinse: Irish Independent

[Thall

**PICTIÚR B1.**



Foinse: Galleria degli Uffizi, Flórans

**PICTIÚR B2.**



Foinse: National Gallery of Art, Washington

**PICTIÚR C.**




Foinse: Corbis – as an stór de ghrianghraif agus pictiúir

## 2. DOICIMÉID

### DOICIMÉAD 1.

**Clár is ea é seo as Príosún Chill Mhaighneann. Liosta atá ann de na daoine a bhí sa phríosún le linn an Ghorta Mhóir in 1847. (Foinse: Oifig na nOibreacha Poiblí)**

| *Ainm* | *Aois* | *Coir* | *Pionós* | *Stádas* | *Léamh/ Scríobh* | *Ceird* | *Seoladh* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Liam Ó Cinnsealaigh | 75 | ag lorg déirce | 3 lá ina aonar le dianobair | P | L/S | fear oibre | Míseal, Co. Cheatharlach |
| Máiréad Uí Thuathail | 32 | ag lorg déirce | 3 lá le hobair | P | G/G | gan cheird | Gleann Ó Máil Co. Chill Mhantáin |
| Liam Cúc | 16 | ag rútáil prátaí | Scaoilte amach ar bannaí | S | L | fear oibre | Cill Liag, Co. Chill Mhantáin |
| Séamus Ó Braonáin | 24 | ag goid prátaí | 21 lá príosúin | S | L | fear oibre | Móinteach Mílic, Co. Laoise. |
| Aindrias Ó Fearghail | 16 | damáiste mailíseach ag rútáil prátaí | Mí sa phríosún ó 2 D. Fomháir nó fineáil £1 | S | L | fear oibre | An Longphort |
| Eilís Uí Annluain | 23 | Prátaí a goideadh ina seilbh | 14 lá príosúin ina haonar | S | G/G | gan cheird | Cromghlinn |

**P:** Pósta **S:** Singil **L/S:** Léamh agus Scríobh **L:** Gan ach léamh **G/G:** Gan léamh, gan scríobh

### DOICIMÉAD 2.

**Sliocht is ea é seo as "The Master" le Brian Mac Mathúna. Cuntas is ea é ar na laethanta a chaith sé mar mháistir scoile in Éirinn i dtús na 1930idí.**

Sa socrú sealadach a bhí againn i sean-Halla Naomh Pádraig, bhí mé féin, beirt mhúinteoirí níos sine ná mé agus 140 buachaill go léir in iomaíocht lena chéile don aer, don fhuaim agus don spás. Thosaigh mé ag múineadh mo ghrúpa scoláirí a bhí bailithe i gceann a chéile gar don fhuinneog shalach a bhreathnaigh díreach amach ar an tsráid. Gach aon chloigeann a ghabh an tslí, d'iompaigh sé thart chun stánadh isteach orm. D'fhéach mé ar mo rang. Bhí cuid mhaith díobh cosnochta, le rian na fola ar mhéiríní brúite gearbacha a gcos. Na páistí a bhí go maith as - mic le hoifigigh bhainc, le ceannaithe agus le feirmeoirí - de réir cosúlachta, eisceachtaí ba ea iad sin.

Maidin ba ea é a raibh clagarnach báistí ann, nuair a leagas mo lámh ar an seaicéad a bhí á chaitheamh ag buachaill amháin. Bhí sé fliuch báite agus dúirt mé leis,"bain díot do chasóg, a mhic, agus croch os comhair na tine é". Bhí tine de shaghas ann - fóid ag plúchadh deataigh - nár leor in aon slí í chun an halla a théamh. D'fhéach an buachaill sa dá shúl orm. "Ní dhéanfaidh mé,"a dúirt sé. Bhí sé beagnach chomh mór liom féin. "Cén fáth?" " Ní bhainfidh mé díom mo chasóg duitse ná do éinne eile." Ansin a thuig mé nár fiú mórán é an léine a bhí air. Níor bhac mé a thuilleadh leis mar ghnó.

Tráth ba ea é a raibh salachar dochreidte ann. Ag féachaint ar na scoláirí mílítheacha os mo chomhair, bhí galar le sonrú iontu. Glacadh leis go bhfaigheadh roinnt páistí óga bás. An chónra bhán ar chriosanna á hiompar ag iarshaighdiúirí móra, d'fheictí a leithéid beagnach gach lá. Bhí eagla ar gach éinne roimh niúmóine, ba mhór an scanradh a bhíodh ann am an ghátair. Ach in aineoinn na ndeacrachtaí bhí cuma ar na buachaillí os mo chomhair gur theastaigh uathu céim chun tosaigh a thógáil agus go raibh fonn orthu rudaí a athrú.